# Réamhfhocal

## Cúlra

Tugadh isteach an tOrdú Grósaera don chéad uair i 1956 agus tá seacht gcinn d'Orduithe breise nó leasaithe déanta sna 49 bliain ó shin i leith. Chuir na hOrduithe rialacha agus rialacháin i bhfeidhm maidir le feidhmiú trádáil grósaera in Éirinn agus é ar intinn acu coinníollacha cóir-thrádála a chinntiú. Thug an tOrdú is déanaí, an tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1987, isteach cosc ar dhíolachán faoi chostas.

Tá conspóid ag baint le hOrdú 1987, agus leis an gcosc ar dhíolachán faoi chostas, go háirithe, ó tugadh isteach é. I 1991, gan é baileach ceithre bliana ó tugadh isteach é, mhol an Coimisiún um Chleachtais Srianta go ndéanfaí aisghairm ar an Ordú. Ní dearnadh aon rud riamh faoin moladh sin. Bhí an tOrdú faoi réir ag athbhreithnithe tréimhsiúla riamh ó shin ach tá sé fós i bhfeidhm agus ní dearnadh leasú riamh air.

Is féidir téacs Ordú 1987 a fháil in Aguisín a hAon den Tuarascáil seo.

## Grúpa Straitéise Tomhaltóirí

Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhunaigh an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí i Mí Márta 2004 chun comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh chun polasaí tomhaltóirí náisiúnta a fhorbairt.

Thug an Grúpa tuairisc don Aire i Márta 2005. Dhéileáil an Tuarascáil leis an gceist a bhain leis an Ordú Grósaera agus an cheist a bhaint le díolachán faoi chostas agus mhol sé go ndéanfaí cúlghairm iomlán ar an Ordú.

Tharraing an Grúpa aird go háirithe cé gurb í an tuairim choitianta atá ann faoin Ordú ná go gcuireann sé cosc ar dhíolachán faoi chostas, cuireann an tOrdú arna scaipeadh i 1987 cosc i ndáiríre ar mhiondíoltóirí earraí a dhíol ag praghas níos ísle ná an glan-phraghas ar an sonrasc ar cheannaigh siad iad. Baineann an príomhdhifríocht atá idir praghas faoi chostas agus praghas faoin sonrasc leis an gcleachtas lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc a mhaíonn an Grúpa atá forleathan sa trádáil grósaera agus ar féidir leis a bheith an-suntasach ó thaobh an chostais a bhíonn ar tháirge i ndáiríre. Maíonn an Grúpa trí chosc a chur ar mhiondíoltóirí na lascainí a fhaigheann siad ó sholáthróirí a chur ar aghaidh, go mbeidh an éifeacht ag an Ordú brú níos mó a chur ar phraghsanna grósaera.

Maíonn an Grúpa freisin seachas na forálacha 'glan-phraghas ar an sonrasc', nach bhfuil cuid mhaith de na forálacha san Ordú in ann feidhmiú mar ghealł ar fhorbairtí reachtúla agus forbairtí eile ar an margadh ó 1987. Deir an Grúpa ina Thuarascáil, cé go bhfuil siad ag iarraidh deireadh iomlán a chur leis an Ordú, go féidir argóintí a dhéanamh as deireadh a chur leis agus é a

choinneáil agus tá liosta sonrach déanta ag an nGrúpa de gach sraith argóintí ina Thuarascáil.

## Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

Bhreithnigh an Rialtas Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí ag cruinniú dá chuid an 3 Bealtaine 2005 agus, maidir leis an Ordú Grósaera, d'aontaigh sé leis an moladh a rinne an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta próiseas comhairliúcháin phoiblí a fhostú sula ndéanfaí aon chinneadh maidir leis an Ordú amach anseo.

Fógraíodh an comhairliúchán poiblí ar an 19 Bealtaine agus cuireadh fáilte roimh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara roimh 5in ar an 31 Iúil 2005.

Tá cóip den fhógra a cuireadh sa phreas náisiúnta maidir leis sin le fáil in Aguisín a Dó.

## Aighneachtaí a Fuarthas agus Modheolaíocht

Tá gach aighneacht a fuarthas liostaithe ag Aguisín a Trí den Tuarascáil seo.

Fuaireamar 561 aighneacht fhoirmiúil mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí sula ndeachaigh an sprioc in éag ar an 31 Iúil. Áirítear leis sin líon beag aighneachtaí a fuarthas tar éis an dáta sin ach a bhí curtha sa phost i mí Iúil. Áirítear leis chomh maith léiriúcháin a fuarthas ó chomhaltaí an Oireachtais – thar a gceann féin nó thar ceann dhaoine eile. Fuarthas go leor aighneachtaí den chineál sin níos mó ná uair amháin ach d'fhéachamar chun aon chomhaireamh dúbailte a sheachaint ón líon iomlán ar fad.

Thacaigh 398 aighneacht a fuarthas leis an Ordú a choinneáil mar atá sé faoi láthair.

Thacaigh 153 aighneacht fáil réidh leis an Ordú, mhol 7 gcinn go ndéanfaí leasuithe air agus d'ardaigh 3 cinn eile saincheisteanna eile.

Is ó thrádálaithe siombail/neamhspleácha a tháinig líon mór d'aighneachtaí (246 ar an iomlán – 44% de gach aighneacht a fuarthas) agus bhí siad ar fad ag iarraidh an tOrdú a choinneáil. Fuarthas 123 aighneacht eile ó ionadaithe trádála lena n-áirítear mórdhíoltóirí, soláthróirí, leasa táirgeoirí agus aon miondíoltóir iolrach amháin.

Fuarthas 180 aighneacht ó dhaoine as an bpobal. Thacaigh a bhformhór acu le haisghairm an Ordaithe.

Fuaireamar 3 aighneacht ó ionadaithe dlí leasa táirgeoirí nach raibh sonraithe a bhí ag iarraidh fanacht faoi cheilt.

Tá próiseas scríofa ag an bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí. Mar sin níl aon agallaimh déanta againn le páirtithe aonair. I líon beag cásanna, d'fhéachamar le soiléiriú ó bhéal a fháil ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí a rinne aighneachtaí lena chinntiú go raibh tuiscint cheart againn ar na hargóintí a bhíothas a dhéanamh. Bhíomar rannpháirteach chomh maith i gcruinnithe le líon beag eagraíochtaí sular tugadh an Tuarascáil seo chun críche. Tionóladh na cruinnithe sin ar iarratas na bpáirtithe lenar bhain.

## An Tuarascáil Ina Dhiaidh Sin

Tá an Tuarascáil ina dhiaidh sin bunaithe ar luacháil agus ar mheasúnú a rinne an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta ar gach aighneacht a fuarthas. Tá sí bunaithe chomh maith ar a gcuid taighde féin agus an imscrúdú a rinneadh ar na saincheisteanna a bhain leis an gcás.

I rith Tuarascála den chineál seo ní féidir tagairt a dhéanamh do gach aighneacht aonair agus is é an cur chuige a bhí againn ná tuillteanais foriomlána na n-argóintí a rinneadh a mheas. Mar sin féin, tá na haighneachtaí ar fad léite agus tá luacháil déanta orthu agus tá tuairimí na bpáirtithe go léir glactha san áireamh.

Tharla an próiseas seo de bharr Tuarascála an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí '*Make Consumers Count.'* Cé go bhfuil ábhar na Tuarascála sin ar intinn againn an t-am ar fad, níl aon bhéim ar leith curtha againn ar thorthaí na Tuarascála. Tuigimid gur cáineadh an Tuarascáil agus torthaí na Tuarascála i roinnt aighneachtaí a fuarthas.

Tá sé mar oibleagáid orainn aird a tharraingt ar an aighneacht a fuarthas ón Údarás Iomaíochta. Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás a fheidhmíonn faoi sainchúram na Roinne seo. Faoi Alt 30 (1) (c ) den Acht Iomaíochta, 2002 tá an fheidhm seo a leanas ag an Údaras:

> *"To advise the Government, Ministers of the Government and Ministers of State concerning the implications for competition in markets for goods and services of proposals for legislation (including any instruments to be made under any enactment);"*

Tá comhairle in aighneacht an Údaráis don Aire maidir leis an tsaincheist atá idir lámha ó thaobh an tsainchúraim reachtúil sin a chomhlíonadh. Sna himthosca seo, is é ár dtuairim gur chóir go seasfadh an aighneacht mar chuid den Tuarascáil seo. Tá cóip den aighneacht faoi iamh in Aguisín a Ceathair.

## Struchtúr na Tuarascála

Tá an Tuarascáil roinnte i gcúig chuid mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Cuid a hAon:** | **Réamhfhocal agus Achoimre Feidhmeannach** |
| **Cuid a Dó:** | **Cúlra na nOrduithe Grósaera** |
| **Cuid a Trí:** | **Tionchar Ordú 1987** |
| **Cuid a Ceathair:** | **Conclúidí & Moltaí** |
| **Cuid a Cúig:** | **Aguisíní** |

## Buíochas

Is mian leis an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta buíochas a ghabháil leo sin ar fad a chuir aighneachtaí isteach maidir leis an gceist seo.

Ba mhór againn buíochas a ghabháil go háirithe le Patrick Paul Walsh, Deán Dhámh Eolaíochtaí Sóisialta agus Daonna ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath as a chuid cúnaimh agus a chabhair ó thaobh luacháil agus measúnú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le AC Nielsen a chuir sonraí staitistiúla tábhachtach ar fáil ar struchtúr na trádála grósaera in Éirinn. Focal buíochais speisialta freisin le foireann Countryside Agency sa Ríocht Aontaithe a bhí thar a bheith foighneach le linn dóibh cúnamh a thabhairt dúinn léirmhíniú a bhaint as na sonraí ón Suirbhé Seirbhísí Tuaithe a rinne siad.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leo sin ar fad a thug cead dúinn ábhar foinse ábharthach a lua.

Is leis an Rannóg Polasaí Iomaíochta agus Tomhaltóirí den Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta agus leo sin amháin agus ní le haon pháirtí eile an t-ábhar, na tuairimí, conclúidí agus moltaí atá leagtha amach sa Tuarascáil seo.